



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0211(COD)

11604/23
ADD 2

EF 230
ECOFIN 756
UEM 231
CONSOM 268
CODEC 1322

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2023) 234 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis na doiciméid Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhitigigh agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí euro dhitigigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 234 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 234 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.6.2023
SWD(2023) 234 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis na doiciméid

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le bunú an euro dhigitigh**

agus

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá
corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus lena leasaítear
Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

agus

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro**

{COM(2023) 364 final} - {COM(2023) 368 final} - {COM(2023) 369 final} -
{SEC(2023) 257 final} - {SWD(2023) 233 final}

An gá atá le beart

Tá saol mhuintir na hEorpa agus geilleagar na hEorpa á múnú de réir a chéile ag an digitiú agus ag teicneolaíochtaí nua, agus léirítear an treocht sin in íocaíochtaí freisin. Is é airgead tirim an t-aon fhoirm d'airgead bainc cheannais atá ar fáil don phobal go dtí seo, ach ní féidir é a úsáid sa timpeallacht dhigiteach. Ciallaíonn sé sin, i gcás sciar méadaitheach d'íocaíochtaí, nach bhfuil an deis ag daoine ná ag gnólachtaí airgead bainc cheannais a roghnú a thuilleadh. Ina theannta sin, tá daoine agus gnólachtaí ag aistriú níos mó i dtreo modhanna íocaíochta digiteacha príobháideacha, agus i gcásanna inar féidir airgead tirim a úsáid freisin. D'fhéadfadh easpa airgeadra digiteach bainc cheannais miondíola sa limistéar euro dochar a dhéanamh do cheannasacht airgeadaíochta an Eurochórais de réir a chéile. D'fhéadfadh an easpa airgid bainc cheannais atá ar fáil go forleathan agus is féidir a úsáid sa ré dhigiteach an iontaoibh as airgead príobháideach a laghdú freisin, rud a bhraitheann ar in-chomhshóiteacht ar par le hairgead bainc cheannais poiblí. Ar deireadh, tá airgeadra digiteach bainc cheannais saor ó riosca de dhíth ar an ngeilleagar digiteach freisin chun tacú le Tionsclaíocht 4.0 agus le web3.

Réitigh fhéideartha

Tuairtar tionscnaimh phoiblí (e.g. íocaíochtaí meandracha) nó phríobháideacha de chuid an Aontais atá ann cheana nó atá beartaithe bunaithe maidir le húsáid foirmeacha príobháideacha airgid agus, dá bhrí sin, ní thugtar aghaidh leo ar an mbuncheist maidir le foirm agus infhaighteacht an airgid bainc cheannais. I gcodarsnacht leis sin, is féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb trí leagan digiteach d'airgead bainc cheannais, i.e. euro digiteach a chuirfear ar fáil le haghaidh íocaíochtaí miondíola.

Bunófar foirm nua airgid bainc cheannais, ar airgead bainc cheannais é a bheidh ar fáil don phobal i gcoitinne, taobh le nótaí bainc agus monaí euro, agus déanfar é a rialú i dtaca lena ghnéithe bunriachtanacha le Rialachán AE atá bunaithe ar Airteagal 133 CFAE.

San anailís seo, déantar measúnú ar an tionchar a bheadh ag bunú an euro dhigitigh agus ag rialáil a phríomhghnéithe i ndáil leis an gcuspóir ginearálta maidir lena áirithiú gur féidir leis an airgead bainc cheannais arna eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) tacú le geilleagar an Aontais sa ré dhigiteach, agus ról an airgid thirim á chosaint san am céanna. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh ann dhá chuspóir shonracha: 1) taca airgeadaíochta an euro sa ré dhigiteach a neartú trína áirithiú go mbeidh airgead bainc cheannais, ina fhoirm fhisiceach agus ina fhoirm dhigiteach amach anseo, ar fáil go forleathan d'úsáideoirí sa limistéar euro agus go nglacfaidh siad leis, agus é saincheaptha dá riachtanais, agus cobhsaíocht airgeadais á caomhnú san am céanna, agus 2) uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú trí iomaíochas an euro a mhéadú vis-à-vis airgeadraí eile, airgeadraí digiteacha bainc ceannais (CBDCanna) tríú tíortha agus modhanna íocaíochta eile arna n-eisiúint go príobháideach nach bhfuil ainmnithe in euro.

Tá roinnt roghanna ann maidir le euro digiteach a chur chun feidhme. Scrúdaítear sna roghanna atá beartaithe conas a d'fhéadfaí an euro digiteach a rialú chun na cuspóirí beartais a bhaint amach agus comhbhabhtálacha rithabhachtacha á gcothromú: (i) úsáid fhorleathan a

chumasú agus iomaíocht chothrom le réitigh maidir le híocaíocht phríobháideach a áirithiú san am céanna, (ii) príobháideachas a chosaint agus inrianaitheacht a áirithiú san am céanna, (iii) úsáid fhorleathan a áirithiú agus cobhsaíocht airgeadais agus soláthar creidmheasa a chosaint san am céanna agus (iv) tacú le húsáid idirnáisiúnta agus rioscaí do thíortha nach bhfuil sa limistéar euro agus don Eurochóras a mhaolú san am céanna.

Tionchair na rogha tosaíochta

Ar bhonn na comparáide idir éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas, is é an meascán roghanna thíos an rogha is fearr:

- Stádas dlíthairisceana a thabhairt don euro digiteach agus é d'oibleagáid ar gach íocaí glacadh leis, cé go bhfuil eisceachtaí a bhfuil údar leo agus atá comhréireach ann (Rogha 1c) agus cé go bhfuil socruithe dáileacháin deonacha nó socruithe dáileacháin éigeantacha spriocdhírthe (Rogha 1e/f) ann. Ionas nach ngearrfaí praghas ró-ard ar cheannaithe, ba cheart uasteorainneacha éigeantacha uasta a chinneadh ar bhonn modheolaíochta arna leagan síos ag an reachtas agus arna forbairt ag BCE. (Rogha 1h). Chun comhleanúnachas a áirithiú idir gach foirm airgid phoiblí, moltar freisin stádas dlíthairisceana an airgid thirim a rialú i dtogra reachtach comhthreomhar.
- Foráil a dhéanamh maidir le hardleibhéal príobháideachais le haghaidh íocaíochtaí éadadhaill as líne ar luach íseal trí shonraí pearsanta a bhaineann le céannacht úsáideoirí a phróiseáil tráth a osclaítear cuntais euro dhigitigh le soláthraithe seirbhísí íocaíochta ach gan sonraí idirbhirt a nochtadh do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, agus chaithfí le híocaíochtaí ar líne amhail modhanna digiteacha príobháideacha íocaíochta i gcomhréir le ceanglais AML/CFT atá ann faoi láthair (Roghanna 2c, 2d).
- An riosca don dí-idirghabháil airgeadais agus don chobhsaíocht airgeadais a laghdú trí chead a thabhairt don Bhanc Ceannais Eorpach uirlisí a shainiú agus a chur chun feidhme chun teorainn a chur le feidhm stór luacha an euro dhigitigh (Rogha 3b).
- An euro digiteach a chur ar fáil ar dtús do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe sa limistéar euro, chomh maith le cuairteoirí (Rogha 4c), ach an fhéidearthacht a bheith ann é a leathnú níos déanaí chuig Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus chuig tríú tíortha, faoi réir comhaontuithe agus/nó socruithe leis an Aontas agus/nó leis an mBanc Ceannais Eorpach, chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais agus do cheannasacht airgeadaíochta an Eurochórais agus tíortha lasmuigh den limistéar euro a mhaolú. (Rogha 4b).

Bheadh roinnt tairbhí mar thoradh ar an meascán roghanna seo. Bheadh níos mó roghanna agus níos mó slándála ag úsáideoirí ina gcinntí íocaíochta toisc go bhféadfáidís airgead bainc cheannais a úsáid, ní hamháin airgead bainc thráchtála, in íocaíochtaí digiteacha. Ina theannta sin, thairbheoidís den iontaoibh atá acu as an gcóras airgeadaíochta atá á sholáthar ag taca airgeadaíochta digiteach, rud a thacaíonn i ndeireadh na dála le stiúradh agus le héifeachtacht a bheartais airgeadaíochta agus, ar an gcaoi sin, a chuireann le cobhsaíocht airgeadais agus le timpeallacht mhaicreacnamaíoch chobhsaí. Le euro digiteach atá éasca le húsáid, neartófaí cuimsiú airgeadais i sochaí dhigitithe. Ar an gcaoi chéanna, bheadh níos mó roghanna ag ceannaithe agus thairbheoidís de thuilleadh iomaíochta ar an margadh íocaíochta uile-Eorpach, go háirithe agus iad i mbun caibidlíochta le soláthraithe íocaíochta príobháideacha. D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an euro digiteach a dháileadh ar a gcustaiméirí, táillí a ghiniúint agus seirbhísí nuálacha breise atá bunaithe ar an euro digiteach a thairiscint. Thairis sin, thacódh euro digiteach le huathriail straitéiseach oscailte trí scéim íocaíochta nua a chruthú a bheadh níos athléimní in aghaidh aon chur isteach seachtrach a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh euro digiteach tacú le gnólachtaí Eorpacha le haghaidh cásanna úsáide amach anseo i dTionsclaíocht 4.0 agus web3 trí rogha mhalartach phoiblí a thabhairt

dóibh le haghaidh íocaíochtaí coinníollacha. I ndáil le ról idirnáisiúnta an euro, cé go ndíreodh euro digiteach, sa chéad chéim, ar an limistéar euro, d'fhéadfaí úsáid lasmuigh den limistéar euro a shamhlú ag céim níos déanaí, ar choinníoll go sriantar na rioscaí maidir le cobhsaíocht airgeadais agus ceannasacht airgeadaíochta go leordhóthanach. D'fhéadfadh sé sin trádáil a chur chun cinn agus rioscaí ráta malairte a laghdú freisin.

Bheadh costais cur chun feidhme an tionscnaimh le híoc ag an Eurochóras, ag ceannaithe agus ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Bheadh ar an Eurochóras infheistíocht a dhéanamh chun bonneagar an euro dhigitigh a chur ar bun (ar líne agus as líne araon), lena n-áirítear an bonneagar líonra agus socraíochta. D'áireofaí le costais aonuaire na soláthraithe seirbhísí íocaíochta córais tosaigh (aipeanna, baincéireacht ar líne, uathmhheaisíní bainc), córais chúil (lena n-áirítear taobh an íocóra agus an íocaí (fála) agus comhtháthú le córais socraíochta agus bainistíochta cuntas), agus próisis AML/KYC, frithchalaíse, chuntasaíochta agus próisis ghnó eile a oiriúnú. Bheadh ar cheannaithe na costais a íoc a bhainfeadh lena dteirminéil a oiriúnú chun gur féidir leo glacadh le híocaíochtaí san euro digiteach freisin. Ar chúiseanna comhréireachta, déantar foráil leis an rogha thosaíochta maidir le heisceachtaí ó ghlacadh éigeantach i gcás roinnt catagóirí íocaithe ar an tuiscint go mbeadh ar cheannaithe agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a ghlacann le modhanna íocaíochta leictreonacha príobháideacha glacadh le híocaíochtaí san euro digiteach freisin. D'fhéadfadh costais foghlama áirithe a bheith ar thomhaltóirí freisin, ar an gcuma chéanna leis na costais foghlama a bhaineann le baincéireacht ar líne nó le haipeanna nua.

Spreagfadh an tionscnamh roinnt costais oibriúcháin (athfhillteacha) freisin. Meastar go dtabhóidh an tEurochóras costais i ndáil le e.g. scéim an euro dhigitigh a reáchtáil, an tionscnamh a mhargú, oideachas a chur ar thomhaltóirí agus ar cheannaithe, tacaíocht a thabhairt do chustaiméirí agus an bonneagar TF a oibriú. Bheadh ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta íoc as costais na n-oibríochtaí amhail tacaíocht ghaolmhar do chustaiméirí, seiceálacha AML/CFT agus seiceálacha calaíse, agus bainistíocht idirbheart. D'fhéadfaí difear a dhéanamh do tháille agus d'ioncam úis na soláthraithe seirbhísí íocaíochta freisin. Bheadh ar cheannaithe táillí idirbheart agus táillí cothabhála agus ceadúnais bliantúla a dteirminéal díolphointe a íoc. Mar sin féin, tá sé réasúnta glacadh leis nach mbeidh na costais sin níos airde ná táillí/costais na modhanna íocaíochta atá ann cheana (airgead tirim agus cártaí dochair den chuid is mó) a dtiocfadh an euro digiteach ina n-ionad. D'fhéadfadh daoine tairbhiú de sheirbhísí 'úsáide bunúsaí' an euro dhigitigh saor in aisce agus táillí íocaíochta a íoc as seirbhísí breise, agus meastar go mbeidh siad inchomparáide leis na costais a bhaineann le modhanna íocaíochta atá ann cheana freisin. Tabharfar aird ar leith sa reachtaíocht chun a áirithiú go mbeidh na táillí a ghearrtar ar cheannaithe comhréireach.

Rioscaí cibearshlándála, rioscaí TF agus rioscaí oibríochtúla eile atá ann i gcás córais íocaíochta atá ann cheana, beidh rioscaí comhchosúla ann i gcás íocaíochtaí leis an euro digiteach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh rioscaí cibearshlándála agus oibriúcháin méadaithe a bheith i ndán don Eurochóras mar eistheoir an euro dhigitigh. Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcibearshlándáil le reachtaíocht atá ann cheana agus atá le teacht a mbeadh íocaíochtaí an euro dhigitigh faoina réir freisin. Áirítear leis sin ceanglais faoin Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta, faoin nGníomh um Athléimneacht

Dhigiteach Oibríochtúil (DORA)¹ a mbeadh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoina réir, agus faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht. Thairis sin, meastar go mbeidh an tEurochóras faoi réir an Rialacháin nua maidir leis an gCibearshlándáil a mhol an Coimisiún i mí an Mhárta 2022².

Ar an iomlán, is é conclúid an mheasúnaithe gur mó na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le euro digiteach dea-dheartha ag a bhfuil coimircí iomchuí ná na costais a bhaineann leis. Anuas air sin, d'fhéadfadh na costais a bhaineann le gan aon bheart a dhéanamh a bheith an-mhór.

¹Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 [EUR-Lex - 52020PC0595 - GA - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)

² Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. https://commission.europa.eu/publications/proposal-cybersecurity-regulation_en